ATHBHREITHNIÚ AR AN GHAELSCOLAÍOCHT

Freagairt Don Chomhairliúchán

Eagrán na Bpáistí Agus na Ndaoine Óga

Ainm: _____

Eagraíocht: _____

Uimhir Thagartha na Scoile: _____ *(más cuí)*

Uimhir theagmhála: _____

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Réamhrá

Téann páistí áirithe chuig scoileanna ina bhfuil Béarla á labhairt ag na múinteoirí de ghnáth. Foghlaimíonn na cailíní agus na buachaillí an dóigh le Béarla a léamh agus a scríobh, mar aon lena labhairt. Téann páistí eile chuig scoileanna ina bhfuil Gaeilge á labhairt ag na múinteoirí de ghnáth. Nuair a fhágann na páistí sin an scoil, tig leo Gaeilge agus Béarla a léamh, a scríobh agus a labhairt.

Caithfimid a chinntiú go bhfuil gach scoil ábalta freastal ar a cuid páistí agus iad a theagasc go maith. Tá ag éirí go maith leis na scoileanna ina bhfuil Béarla á labhairt ag na múinteoirí. Tá sin amhlaidh fosta i gcás na scoileanna ina bhfuil Gaeilge á labhairt ag na múinteoirí. Ach níl Gaelscoileanna ag feidhmiú chomh fada agus atá scoileanna lán-Bhéarla. Ciallaíonn sé sin go gcaithfimid nithe áirithe a dhéanamh, agus tá smaointe s'againne sa leabhrán seo. Ba breá linn a fháil amach cad a shíleann tusa faoi smaointe s'againne, agus cé acu tá smaointe ar bith agat féin.

Léifimid smaointe s'agatsa agus feicfimid cad é mar is féidir linn iad a úsáid. Táimid ag súil go mór le cloisteáil uait.

Smaointe S'againne

Smaoineamh 1

I dtíortha áirithe ar fud na cruinne tosaíonn roinnt páistí ar theanga nua a fhoghlaim sula dtéann siad ar an bhunscoil. Tosaíonn páistí eile ar theanga nua a fhoghlaim ar an bhunscoil, fad is nach dtosaíonn páistí eile ar theanga nua a fhoghlaim go dtí go bhfágann siad an bhunscoil.

I gcás na bpáistí a thosaíonn ar an Ghaeilge a fhoghlaim sula dtéann siad ar an bhunscoil, is ag naíonra a fhoghlaimíonn siad í de ghnáth. Caithfidh tuismitheoirí díol as in amanna más rud é gurbh fhearr leo go rachadh páistí s'acu chuig naíonra lán-Ghaeilge. Ní bhíonn orthu díol as má théann páistí s'acu chuig naíonra lán-Bhéarla, áfach. Tháinig an chéad smaoineamh eile chugainn dá bharr sin.

Ar chóir do thuismitheoirí airgead breise a dhíol ionas go dtig le páistí s'acu freastal ar naíonraí lán-Ghaeilge?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 2

D'fhreastail formhór na bpáistí a théann chuig Gaelscoileanna ar naíonra lán-Ghaeilge. Síleann múinteoirí go mbíonn sé níos fusa do pháistí Gaeilge a labhairt i Rang a hAon más rud é go raibh siad ag freastal ar naíonra lán-Ghaeilge.

Tá páistí eile ann, áfach, agus cé go raibh siad ag gabháil chuig naíonra lán-Bhéarla ba mhaith leo freastal ar Ghaelscoil. Nuair a théann páistí mar sin isteach i Rang a hAon ar dtús ní bhíonn mórán Gaeilge acu i gcomparáid leis na páistí eile. Ach tá a fhios againn go mbeidh siad ábalta a theacht suas le caighdeán na bpáistí eile agus Gaeilge a fhoghlaim i ndiaidh dóibh tamall beag a chaitheamh ar scoil. Is féidir leis na múinteoirí a chinntiú nach mbíonn sé ródheacair do na páistí a theacht suas le caighdeán na bpáistí eile, agus nach mbíonn na páistí ar bheagán Gaeilge trína chéile nó míshásta.

Síleann daoine áirithe nár chóir do Ghaelscoileanna glacadh le páistí nár labhair Gaeilge ag an naíonra.

Más rud é nach ndeachaigh páistí chuig naíonra lán-Ghaeilge nuair a bhí siad ní b'óige ar chóir go mbeidís ábalta freastal ar Ghaelscoil?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 3

Tá foirgnimh dheasa ag scoileanna áirithe. Níl foirgnimh dheasa ag scoileanna eile, agus tá sé sin fíor i gcás scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna lán-Bhéarla. Ní bhíonn foirgnimh dheasa ag scoileanna áirithe de bharr cúiseanna éagsúla. Is minic a bhíonn na scoileanna lán-Bhéarla sean. Is minic a bhíonn na Gaelscoileanna úr, ach níl mórán páistí ag freastal orthu go fóill.

Dá bhfaigheadh Gaelscoileanna níos mó páistí, thiocfadh leo foirgnimh níos fearr a fháil. Dá bhfreastalódh níos mó daoine ar an scoil, éireodh an scoil níos mó. Dá ndruidfí ceann de na Gaelscoileanna, agus dá mbogfadh na páistí chuig Gaelscoil in aice láimhe, mhéadódh líon na ndaoine sa scoil sin.

Smaoiníomar ar bhealaí eile ina dtiocfadh le scoileanna níos mó páistí a fháil ionas nach mbeadh ar scoil ar bith druidim. Má roinneann scoil amháin a bpríomhoide le scoil in aice láimhe, glactar leis gur scoil amháin atá ann, agus is féidir leis an dá scoil foirgnimh níos fearr a fháil. Ní bheadh ar na páistí bogadh chuig scoil eile.

An síleann tú gur chóir do Ghaelscoileanna nascadh le scoil eile in áit eile agus a bpríomhoide a roinnt le scoil eile, le foirgneamh níos fearr a fháil.

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 4

Is féidir le bunscoil jab maith a dhéanamh i dtaca lena cuid páistí a theagasc cé acu tá neart páistí ag freastal uirthi nó nach bhfuil. Nuair a fhágann siad an bhunscoil, áfach, caithfidh cailíní agus buachaillí a ghabháil chuig scoil a bhfuil neart páistí ag freastal uirthi.

Is féidir le páistí freastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge de ghnáth más mian leo. Ach nuair a fhágann siad an bhunscoil níl mórán meánscoileanna lán-Ghaeilge ar fáil. Tarlaíonn sé sin de bharr nach bhfuil go leor páistí ann faoi láthair atá ag iarraidh meánscolaíocht trí Ghaeilge. Ach beidh go leor páistí ann roimh i bhfad.

Ar chóir meánscoileanna lán-Ghaeilge a thosú in áiteanna a mbeidh neart páistí a mbeidh Gaeilge acu agus sna háiteanna sin amháin?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 5

Bíonn páistí áirithe ag iarraidh freastal ar mheánscoil lán-Ghaeilge in amanna, ach ní thig leo de bharr cúiseanna áirithe. Caithfidh na páistí sin freastal ar scoil ina ndéantar formhór na gceachtanna trí Bhéarla, cé gurbh fhearr leo a gcuid oideachais a fháil trí Ghaeilge. Is féidir fadhb mar sin a réiteach má théann na páistí chuig scoil ina bhfuil roinnt múinteoirí ábalta Gaeilge a labhairt. Is féidir leis na páistí roinnt ceachtanna a dhéanamh trí Ghaeilge agus roinnt ceachtanna a dhéanamh trí Bhéarla. Sna blianta amach romhainn, b'fhéidir go mbeidh na múinteoirí uile ag an scoil ábalta Gaeilge a labhairt.

Mura bhfuil aon Ghaelscoil ann, ar chóir go mbeadh cead ag páistí freastal ar scoileanna ina ndéanfaidh siad roinnt ceachtanna trí Ghaeilge agus roinnt ceachtanna trí Bhéarla?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 6

Aontaíonn daoine nach bhfuil go leor acmhainní ar nós: leabhair, póstaeir agus ríomhchláir ar fáil as Gaeilge. Tarlaíonn sé sin de bharr nach bhfuil go leor daoine ann a bhfuil Gaeilge mhaith acu leis na leabhair uile a scríobh gan trácht ar na nithe eile ba mhaith linn a bheith againn. Tháinig an chéad smaoineamh eile chugainn dá bharr sin; ba chóir dúinn na rudaí is tábhachtaí a scríobh as Gaeilge ar dtús. Scríobhfaimid rudaí eile as Gaeilge fosta níos moille. Le do thoil, inis dúinn cé na leabhair nó na rudaí eile a shíleann tú gur chóir dúinn a scríobh as Gaeilge ar dtús, agus aon smaointe eile atá agat. Tig leat pictiúr a tharraingt nó liosta a dhéanamh.

Smaoineamh 7

Nuair nach mbíonn páistí ar scoil is maith leo súgradh lena gcuid cairde. Ba mhaith le roinnt mhaith páistí a labhraíonn Gaeilge ar scoil bheith ábalta Gaeilge a labhairt nuair a bhíonn siad ag súgradh lena gcuid cairde i ndiaidh na scoile. Ach níl mórán clubanna óige nó áiteanna eile ann fána gcoinne, áiteanna inar féidir leo súgradh agus Gaeilge a labhairt.

Ar chóir go mbeadh áiteanna ann, ar nós clubanna óige, inar féidir le páistí súgradh lena gcuid cairde agus Gaeilge a labhairt?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 8

Is minic nach mbíonn ach Béarla ag máithreacha agus aithreacha a dtéann páistí s'acu chuig Gaelscoileanna. Tháinig an chéad smaoineamh eile chugainn dá bharr sin.

An mbeadh sé ina chuidiú dá dtabharfaí tacaíocht do do mháthair nó do d'athair le Gaeilge a fhoghlaim?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaoineamh 9

Tá roinnt mhaith daoine ina gcónaí anseo. Téann daoine áirithe chuig Gaelscoileanna agus ní théann daoine eile. Níor smaoinigh daoine eile ar an Ghaelscolaíocht. Tháinig an chéad smaoineamh eile chugainn dá bharr sin.

Ar chóir dúinn níos mó a dhéanamh le hinsint do dhaoine faoi Ghaelscoileanna ionas go dtig leo cinneadh a dhéanamh cé acu tá siad ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim nó nach bhfuil?

Ba chóir ☐ Níor chóir ☐ Níl a fhios agam ☐

Smaointe S’agatsa

Inis dúinn le do thoil faoi aon smaointe eile atá agat.

Brainse na Gaelscolaíochta agus an Oideachais Imeasctha, An Roinn Oideachais,
Teach Ráth Giall, Bóthar Bhaile Aodha, BEANNCHAR BT19 7PR
028 91279286 Ríomhphost: IMIE@deni.gov.uk

Ní mór d’fhreagairtí bheith faighte ag an Roinn faoin dáta deiridh, **DÉ hAoine 30 EANÁIR 2009**. Caithfear freagairtí a sheoladh chuig an seoladh poist nó chuig an seoladh ríomhphoist thuasluaite.